Neamhord Glacach Teanga

... the focus is now very much on her GCSEs. We are confident that she will do herself justice in the summer when she takes them, and feel that this is really a success story ...This shows what can be achieved if children with speech, language and communication needs are given the right support, and how important it is that they should get that help.

Ó *Chloe's Story* ar Talking Point http://www.talkingpoint.org.uk/

I ndaltaí a mbíonn neamhord glacach teanga orthu bíonn fadhbanna acu le teanga ó bhéal a thuiscint nó le cúrsaí éisteachta. Seans go mbeidh deacrachtaí acu eolas cloisteála a phróiseáil agus a choinneáil, agus treoracha agus orduithe a leanúint. Seans gur measa na deacrachtaí a bheidh acu i ngrúp-dhíospóireachtaí agus iad ag iarraidh na rudaí a deir daoine a thuiscint. Má tá deacrachtaí ag na daltaí seo le freagairt ceisteanna, seans go mbeidh baint ag na deacrachtaí sin le tuiscint theoranta ar fhoirmeacha na gceisteanna. Seans gur deacair do dhaltaí neamhshuim a dhéanamh de thorann sa chúlra agus go mbeidh deacrachtaí acu le réasúnú briathartha. Seans go mbeidh deacrachtaí ag daltaí cuimhneamh ar shlabhraí focal agus go mbeidh deacrachtaí acu freisin idirdhealú ar fhuaimeanna. Seans go gcuirfidh teorainneacha teanga na ndaltaí seo isteach ar leanúnachas topaice i gcomhrá. Mar thoradh ar dheacrachtaí tuisceana, seans go mbeidh deacrachtaí ag daltaí le seal a thógáil le linn comhráite. Seans go mbeidh deacrachtaí pragmatacha i gceist, mar shampla, drochthuiscint, drochúsáid tuine, gotha gnúise agus comharthaíocht choirp, agus nach mbeidh na daltaí in ann féachaint sna súile ar dhaoine eile. Seans go mbeidh deacrachtaí ag na daltaí seo maidir le caidrimh a bhunú agus a chothabháil le piaraí.